

14Ú/11/2025

# SCÉALTA SCOILE

**A Thuismitheoir,**

**Beatha agus Sláinte chugat.**
**Bhí seachtain an ghnóthach againn arís mar a fheicfidh tú.**
**Go raibh maith agat arís as do rannpháirtíocht inár gcruinnithe tuismitheoirí agus múinteoirí. Táimid an-buíoch as an gcomhoibriú.**

**Buíochas arís le gach éinne a thug tacaíocht don Léamhatón bliantúil agus don Aonach Leabhar i rith na seachtaine. Téann an t-airgead go léir a bhailítear i dtreo mhaoiniú ár dtionscnaimh leanúnacha léitheoireachta .**

**Bhí lá iontach againn i bPáirc Uí Chaoimh ar an gCéadaoin. Táimid chomh brodúil as an bhfoireann peile a bhain craobh Sciath na Scol amach. Is grúpa cailíní iontacha iad. Ní raibh an lucht leanúna róolc ach oiread ! Chanadar in aird a gcinn is a gutha. Buíochas mór le gach éinne a chabhraigh leo. Lá dar saol a bhí ann !**




**An tseachtain seo de réir ár mBeartas Iontrála chuireamar áiteanna ar fáil do Naíonáin Shóisearacha na bliana seo chugainn do Mheán Fómhair 2026. Bhí seans linn go rabhamar in ann áit a thairiscint do na deartháireacha agus deirfiúracha ar fad. Mar sin féin, tá liosta feithimh  againn agus mura bhfuil sé i gceist agat glacadh le háit i mbliana ar chúis ar bith inis dúinn anois é ionas gur féidir linn é a thairiscint do theaghlach nua gan mhoill.**


**Bhí réimse leathan d'imeachtaí do sheachtain na hEolaíochta ar siúl chomh maith. Bhí roinnt le feiscint ar na meáin. Bhain go leor ranganna an-taitneamh as lego. Ag eascair as sin tá Múinteoir Jacinta i mbun feachtais bailiúchán Lego. Má tá Lego sa bhaile agat nach bhfuil uait a thuilleadh bheimís buíoch é a fháil.**



**Tá ár gCrann Nollag ón gComhairle Cathrach tagtha. Chuige sin tá tús curtha againn lenár gcomóradh 'I mí na Samhna is cuimhin linn' cheana féin. Beidh deis tugtha do na páistí a ribín a chrochadh ar an gcrann más mian leo an tseachtain seo chugainn.**

**Beidh an scoil dúnta ar an Aoine 1ú Bealtaine do thraenáil foirne a bheidh á chur ar fáil ag an Roinn Oideachais.**

**Niamh Ní Mhaoláin**



14th/11/ 2025

# SCÉALTA SCOILE

Dear Parents,
It has been a busy week here in Gaelscoil na Dúglaise.

Thank you again for your participation in our parent teacher meetings. Your engagement is much appreciated.

We wish to acknowledge all who supported our annual Léamhatón and the book fair during the week. All monies raised go towards funding our ongoing reading initiatives.

This week as per our Admissions Policy we offered places to next year's Junior Infants for September 2026. Thankfully, we were able to offer a place to all brothers and sisters. However, we have a waiting list so if for any reason you do not intend to accept a place this year, please let us know so we can offer it to a new family.




Classes took part in a variety of activities as part of Science Week. You may have seen examples on our social media. Several classes thoroughly enjoyed Lego. If you can donate some preloved Lego, we would be delighted to receive it. Múinteoir Jacinta is the contact teacher.

We are in receipt of our Christmas tree from Cork City Council, and we are most grateful. In advance of this classes have been working on 'In November We remember'. All children will have an opportunity to place a yellow ribbon on the Remembrance Tree if they wish next week.



We were informed this week that our school will close for staff training on Friday 1st of May.

Enjoy the weekend,

Niamh Ní Mhaoláin